

DÁMH NA nDÁN AGUS NA nDAONNACHTAÍ

REACHTANNA

Tagraíonn na reachtanna seo do ról na Dámhe mar bhuanchoiste de chuid na Comhairle Acadúla amháin, agus déanann sé cur síos ar fheidhmeanna, cumhachtaí agus nósanna imeachta an choiste sin.¹ Ag gníomhú de réir Airteagal 29 (3) de Chaibidil V d’Acht na nOllscoileanna, 1997, agus de réir Alt 8 de Chaibidil V de Reachtanna Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Má Nuad, tá Dámha bunaithe ag Comhairle Acadúil Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, mar bhuanchoistí. Tá trí Dhámh ann faoi láthair:

- (a) Dámh na nDán agus na nDaonnachtaí; Dámh na
- (b) nEolaíochtaí Sóisialta; agus,
- (c) Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta.

Tá na Dámha comhdhéanta d’aonaid acadúla na hOllscoile. Gabhann gach aonad acadúil le Dámh amháin de ghnáth. Tá na hAonaid Acadúla sa Dámh le feiceáil in Aguisín A.

Feidhmeanna

Is buanchoiste de chuid na Comhairle Acadúla í an Dámh agus is fóram í ina ndéantar cúrsaí acadúla a bhaineann leis an Dámh a phlé. Is féidir leis moltaí a thabhairt chuig an gComhairle Acadúil ar chúrsaí a bhfuil sé de chumhacht ag an gComhairle Acadúil cinntí a dhéanamh orthu, mar atá le feiceáil in Aguisín B. Tá údarás tarmligthe ag an Dámh chomh maith, ón gComhairle Acadúil, chun faomhadh, de réir mar a oireann, a thabhairt do:

1. Céimeanna taighde a bhronnadh;
2. Scrúdaitheoirí seachtracha do thráchtas taighde a cheapadh;
3. Scrúdaitheoirí seachtracha do chláir agus d’ábhair a cheapadh.

Is bealach tábhachtach í an Dámh chomh maith chun eolas a roinnt, agus chun plé agus díospóireacht a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le gnó acadúil na gcomh-aonad acadúla agus a ndisciplín.

Toghfaidh an Dámh baill don Chomhairle Acadúil, do Bhuanchoistí na Comhairle Acadúla, agus d’fhórais eile na hOllscoile i gcomhréir le reachtanna agus buanorduithe na hOllscoile.

¹ Baintear úsáid as an téarma “Dámh” i gcomhthéacsanna éagsúla. Baineann lucht acadúil úsáid as an téarma “baill Dámhe” chun ról acadúil a chur in iúl. Baineann an téarma “Dámh” chomh maith le grúpa de ranna acadúla, agus baineann sé le struchtúr eagraíochta na hOllscoile. Ní bhaineann an doiciméad seo ach leis an Dámh mar choiste atá mar chuid de rialachas acadúil na hOllscoile.

1. Ballraíocht

Is iad na daoine atá i dteideal freastal agus vóta a chaitheamh ag cruinnithe na Dáimhe ná:

- 1.1 An tUachtarán;
- 1.2 Déan na Dáimhe (Cathaoirleach);
- 1.3 An Cláráitheoir agus an Leas-Uachtarán Acadúil;
- 1.4 Leas-Uachtarán um Thaighde agus Nuálaíocht;
- 1.5 Leas-Uachtarán na hOllscoile arna n-ainmniú ag an Uachtarán mar bhaill den Dámh;
- 1.6 An Cláráitheoir Cúnta/ an tOifigeach Iontrála;
- 1.7 Déan an Taighde Iarchéime;
- 1.8 Leas-Uachtarán do Mhic Léinn agus don Fhoghlaim; An
- 1.9 Leabharlannaí nó ainmní an Leabharlannaí;
- 1.10 Foireann na Ranna sa Dámh atá ag na gráid seo a leanas: Ollamh A, Ollamh B, Ollamh Comhlach, Ollamh Cúnta/Léachtóir, nó Léachtóir Cúnta. Is baill iad lucht foirne atá ag na gráid seo d'fhoireann acadúil na Dáimhe, pé acu a bhfuil siad lán-aimseartha, nó páirt-aimseartha, buan nó sealadach. Ní chuirtear san áireamh anseo foireann emeritus nó baill foirne eile atá ar scor, foireann thaca, foireann chuartaíochta, léachtóirí ócáideacha nó léachtóirí modúl.
- 1.11 Ionadaí Teagascóra amháin ó gach Roinn sa Dámh ina bhfuil baill foirne a bhfuil an grád Teagascóir Ollscoile nó Teagascóir Sinsearach Ollscoile acu, pé acu lán-aimseartha nó páirt-aimseartha. Ní chuirtear san áireamh anseo teagascóirí gur Cúntóirí Teagaisc Iarchéime iad, daoine a bhfuil Scoláireachtaí Teagaisc Iarchéime acu, nó gur foireann ócáideach iad.
- 1.12 Ionadaí Teagascóra amháin do na haonaid acadúla san Ollscoile ina bhfuil foireann a bhfuil grád mar Theagascóir Ollscoile nó mar Theagascóir Sinsearach Ollscoile acu, nach bhfuil ceangailte le haon Dámh faoi leith.
- 1.13 Ionadaí Taighdeora amháin ó gach Roinn sa Dámh ina bhfuil foireann a bhfuil grád mar thaighdeoir iardhochtúireachta, taighdeoir iardhochtúireachta sinsearach, comhalta taighde, nó comhalta sinsearach taighde acu.
- 1.14 Ionadaí Taighdeora amháin ó gach Institiúid Taighde atá comhcheangailte leis an Dámh.
- 1.15 Ionadaí amháin ón bhfoireann theicniúil i ngach Roinn a bhfuil baint ag an bhfoireann theicniúil le tacú teagaisc.
- 1.16 Ionadaí amháin ón bhfoireann riaracháin i ngach Roinn.
- 1.17 Ionadaí amháin ó gach ceann de na Dámha eile san Ollscoil.
- 1.18 Céimí amháin agus mac léinn iarchéime amháin, tofa ag na mic léinn, ó Ranna, Ionaid, Scoileanna nó Institiúidí Taighde na Dáimhe, agus ionadaí amháin ó mhic léinn na hOllscoile, tofa ag na mic léinn.
- 1.19 Aon bhall eile a d'fhéadfadh an Dámh a chomhroghnú, ar mholadh an Déin, ar choinníoll nach sáraíonn líon na mball comhroghnaithe an seachtú cuid de bhallraíocht na Dáimhe. Fónfaidh baill comhroghnaithe ar feadh téarma socraithe is féidir a athnuachan ar mholadh an Déin.

Nóta: Ba chóir do bhall Dáimhe a leithscéal a ghabháil, agus cruinniú Dáimhe ina bhfuil a c(h)éim dochtúireachta féin le plé a fhágáil.

2. Déan

- 2.1 Ceapadh:** Ceapfaidh Uachtarán na hOllscoile Déan na Dáimhe. Ní mór iarrthóirí ar phost an Déin a bheith ina mbaill bhuana foirne ar ghrád an Ollaimh Chomhlaigh nó níos airde cheana féin. Ní mór d'iarrthóirí ar an bpost, a fhógrófar laistigh den Ollscoil, ainmniúchán a fháil ó thriúr ball den Dámh, agus cuirfear ainmneacha na n-iarrthóirí sin ar aghaidh chuig an Uachtarán. Cuirfidh Bord Roghnúcháin na hiarrthóirí a ainmníonn an Dámh faoi agallamh de ghnáth, agus roghnófar an Déan as a measc. I gcás nach féidir leis an mBord Roghnúcháin iarrthóir a mholadh lena cheapadh, tá sé de chumhacht ag an Uachtarán Déan eatramhach a cheapadh as measc bhaill na Dáimhe.
- 2.2 Róil agus Freagrachtaí:** Mar Chathaoirleach na Dáimhe is tacadóir na Dáimhe é Déan na Dáimhe, agus comhairleoir an Uachtaráin ar gach gnó a bhaineann leis an Dámh agus lena chomh-Ranna, agus tá an Déan freagrach as obair na Dáimhe a threorú mar chomhlacht rialachais acadúil laistigh den Ollscoil. Cuireann an Déan ceannaireacht straitéiseach agus ceannaireacht acadúil ar fáil don Dámh agus dá Ranna, comhordaíonn sé/sí obair na Ranna, agus, ag gníomhú ar údarás tarmligthe an Uachtaráin, treoraíonn sé/sí cur chun feidhme phlean straitéiseach na hOllscoile laistigh den Dámh. Beidh an Déan ina c(h)athaoirleach ar chruinnithe na Dáimhe. Má bhíonn an Déan as láthair, beidh an Déan Comhlach tofa ina c(h)athaoirleach ar na cruinnithe.
- 2.3 Téarma na hOifige:** De ghnáth beidh an Déan i seilbh na hoifige ar feadh trí bliana, agus is féidir é seo a shíneadh go cúig bliana le cead an Uachtaráin. Is féidir an Déan a ainmniú don dara téarma.

3. Rúnaí

- 3.1** Toghfaidh baill na Dáimhe an Rúnaí as a measc féin;
- 3.2** Beidh an Rúnaí i seilbh na hoifige ar feadh dhá bhliain agus tionólfaidh sé/sí cruinnithe na Dáimhe, coimeádfaidh sé/sí taifid na Dáimhe agus tabharfaidh sé/sí aire do chomhfhreagras na Dáimhe de réir chinntí na Dáimhe.
- 3.3** Is féidir leis an Rúnaí bheith athainmnithe don dara téarma.

4. Déan Comhlach

- 4.1** Toghfaidh baill na Dáimhe an Déan Comhlach as a measc féin chun cabhrú leis an Déan cuid dá ndualgais a chomhlíonadh. Is iad baill na Dáimhe a bhfuil poist acadúla bhuana acu ag grád an Ollaimh Chúnta/Léachtóra nó níos airde a bheidh incháilithe do phost an Déin Chomhlaigh. Beidh an próiseas ainmniúcháin ar aon dul leis an bpróiseas ainmniúcháin do Dhéan na Dáimhe. Is féidir an Déan Comhlach a ainmniú go speisialta chun a chinntiú gur féidir gnó na Dáimhe a reáchtáil trí mheán na Gaeilge nuair is gá.
- 4.2** Beidh tréimhse an cheapacháin don Déan Comhlach tofa ag teacht le tréimhse oifige an Déin. Cuirfear téarma an Déin Chomhlaigh Thofa i gcrích laistigh de dhá mhí i ndiaidh don Déan imeacht as oifig. Is féidir an Déan Comhlach tofa a athcheapadh;

- 4.3** Tharlódh go ndéanfadh an Déan Comhlach tofa ionadaíocht, thar ceann na Dáimhe, chuig comhlachais chuí inmheánacha agus sheachtracha;
- 4.4** Is féidir leis an Déan Comhlach tofa a bheith ina c(h)athaoirleach ar chruinniú Dáimhe, más rud é nach bhfuil Déan na Dáimhe ar fáil, nó má cheapann sé/sí gur chóir dó/di an chathaoir a fhágáil fhad is atá mír faoi leith á phlé;
- 4.5** Is féidir leis an Déan, le cead an Uachtaráin agus na Dáimhe, Déin Chomhlacha eile a cheapadh le dualgais faoi leith.²
- 4.6** Tharlódh go n-iarrfadh an Déan ar an Déan Comhlach gníomhú thar a c(h)eann ag searmanais, leithéid an tsearmanais bhronnta céimeanna, ócáid bhronnta bhliantúil na nduaiseanna, nó ócáidí den chineál céanna a thiocthadh chun cinn amach anseo.

5. Cruinnithe

- 5.1** Deichniúr ball den Dámh a bheidh i gcóram;
- 5.2** Tionólfar gnáthchruinnithe seachtain amháin ar a laghad roimh chruinniú den Chomhairle Acadúil;
- 5.3** Tionólfar cruinnithe urghnácha, le cead an Déin, nó ar achainí, sínithe ag deichniúr ball ar a laghad den Dámh, a bheith faighte at an Rúnaí;
- 5.4** Is é an Rúnaí a thionólfaidh gach cruinniú. Seolfar an clár oibre agus doiciméid ábhartha go leictreonach de ghnáth chuig baill na Dáimhe trí lá ar a laghad roimh an gcruinniú.
- 5.5** Cuirfidh an Déan agus an Rúnaí Riaracháin an clár oibre le chéile, tar éis dul i gcomhairle le Cathaoirligh na mBuanchoistí. An chéad mhír ar an gClár i gcónaí ná “Faomhadh an Chláir”. Iarrfar ar bhaill míreanna a chur isteach seachtain amháin ar a laghad roimh dháta an chruinnithe.
- 5.6** Ag cruinnithe urghnácha, ní phléifear ach na míreanna sin atá ar an gclár oibre a scaipeadh;
- 5.7** Tríd an Déan a dhéanfar gach gnó ag cruinnithe Dáimhe, agus ar shlí a bheidh oiriúnach do nádúr coláisteach an dioscúrsa acadúil. I gcás gnó nach bhfuil tionchar aige ar na Reachtanna, déanfaidh an Dámh cinntí de chomhthoil nuair is féidir nó le tromlach simplí de bhaill na Dáimhe atá i láthair;

² Tá an Déan Comhlach ina b(h)all den Chomhairle Acadúil. Tagraíonn seo don Déan Comhlach a bhfuil cur síos déanta air i 4.1 anseo. Ní féidir díreach glacadh leis go mbeidh Déin Chomhlacha eile ina mbaill den Chomhairle Acadúil.

5.8 Is féidir le baill eile d'fhoireann na hOllscoile, stiúthóirí seirbhísí, nó daoine seachtracha a bhfuil saineolas ar leith acu freastal ar chruinnithe Dáimhe, ar cuireadh ón Déan le comhaontú na Dáimhe. Tabharfar stádas breathnóra do dhaoine a fhaigheann cuireadh den sórt sin agus féadfaidh siad aitheasc a thabhairt don chruinniú ach ní ceadmhach dóibh vóta a chaitheamh ar ghnó na Dáimhe.

6. Leasú na Reachtanna

6.1 Is féidir leis an Dámh leasuithe a mholadh ar na Reachtanna, le faomhadh ag an gComhairle Acadúil, faoi réir ag athbhreithniú agus treoracha an Údaráis Cheannais;

6.2 Ní ceadmhach na Reachtanna a leasú ach amháin ag cruinniú Dheireadh Fómhair na bliana agus ní mór tacaíocht dhá thrian de bhaill na Dáimhe atá i láthair a bheith ag moltaí chun leasuithe a dhéanamh;

6.3 Tabharfar fógra i scríbhinn, ina luafar athruithe molta ar na Reachtanna, don Rúnaí ceithre lá dhéag ar a laghad roimh an gcruinniú Dáimhe ag a bpléifear na hathruithe. Is gá síniú beirt bhall den Dámh a bheith ar fhógra den sórt sin;

6.4 Scaipfidh an Rúnaí an fógra seo ar bhaill na Dáimhe seacht lá ar a laghad roimh an gcruinniú. Ní dhéanfar ach an t-athrú molta ar an Reacht, gan leasú substaintiúil, a phlé agus vóta a chaitheamh air;

6.5 Cuirfear moltaí lena dtacaíonn an Dámh ar aghaidh chuig an gComhairle Acadúil le plé.

I bhfeidhm ó: Dáta: Nollaig 2024	Athbhreithniú le déanamh: Nollaig 2027
----------------------------------	--

Aguisín A:
Aonaid Acadúla i nDámh na nEalaíon, An Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta

Ranna

- An Léann Clasaiceach
- Béarla
- Ceol
- Fealsúnacht
- Staidéar ar na Meáin
- Stair

Scoil an Léinn Cheiltigh

- Sean-Ghaeilge
- Nua-Ghaeilge
- Lárionad na Gaeilge
- Oidhreacht Chultúrtha na hÉireann

Scoil na Nua-Theangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr.

- Fraincis
- Gearmáinis
- Sínis
- Spáinnis

Aguisín B: Feidhmeanna a bhaineann leis an gComhairle Acadúil

Sliocht as Acht na nOllscoileanna 1997 (27)

(1) Beidh comhairle acadúil ag gach Ollscoil a bheidh i gceannas ar chúrsaí acadúla na hOllscoile, ina measc an curaclam, an teagasc agus an t-oideachas a chuireann an Ollscoil ar fáil, faoi réir ag na srianta a chuireann an t-údarás ceannais i bhfeidhm agus a ndéanann siad athbhreithniú orthu.

(2) Gan Teorainn a chur ar ghinearálacht *fhoroinn (1)*, i measc fheidhmeanna na Comhairle Acadúla, laistigh de na srianta sin, agus ag teacht le feidhmeanna na hOllscoile agus iad siúd a bhaineann leis an gComhairle Acadúil díreach roimh thús na Coda seo, beidh –

- (a) cláir staidéir a dhearadh agus a fhorbairt,
- (b) struchtúir a bhunú chun na cláir sin a chur i bhfeidhm,
- (c) moltaí a dhéanamh ar chláir chun taighde a fhorbairt
- (d) moltaí a dhéanamh maidir le mic léinn a roghnú, a ghlacadh isteach, a choimeád agus a dhiúltú go ginearálta,
- (e) moltaí a dhéanamh maidir le leagan amach agus ábhar na reachtanna a a bhaineann le cúrsaí acadúla na hollscoile, ina measc reáchtáil na scrúduithe, dearbhú torthaí na scrúduithe, na nósanna imeachta a bhaineann le hathchomhairc ó mhic léinn maidir le torthaí na scrúduithe seo, agus measúnú ar dhul chun cinn acadúil,
- (f) moltaí a dhéanamh maidir le comhaltachtaí, scoláireachtaí, sparántachtaí, duaiseanna nó gradaim eile a bhronnadh,
- (g) socruithe ginearálta a dhéanamh do chomhairleoireacht teagasc agus do chomhairleoireacht acadúil eile,
- (h) feidhmeanna eile, ar féidir leis an údarás ceannais a thairmligean chuige, nach dtagann salach ar an Acht seo, a chomhlíonadh, agus
- (i) aon reachtanna agus rialacha a dhéanann an t-údarás ceannais maidir leis na cúrsaí a ndéantar tagairt dóibh san fhoroinn seo, a chur i bhfeidhm.